

# EALAÍN NA hEORPA
# *(RANNÓG II DE SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉARACHTA)*

## CUID 1. EALAÍN AGUS AILTIREACHT NA MEÁNAOISEANNA

## CAIBIDIL 11

## AN RÉ RÓMHÁNÚIL

Ba iad an stíl Rómhánúil agus an stíl Ghotach an dá phríomhghluaiseacht ealaíne agus ailtireachta ba thabhachtaí san Eoraip le linn na meánaoiseanna. Idir an 11ú agus an 14ú haois a tháinig na gluaiseachtaí sin chun cinn agus bhí tionchar níos mó acu ar an gcultúr físiúil agus ar an bhfoirgneoireacht ná mar a bhí ag aon ghluaiseacht eile ó bhí Impireacht na Róimhe ann. Bhí athruithe móra ag titim amach ar fud na hEorpa ag an am, idir chúrsaí sóisialta, chúrsaí creidimh agus chúrsaí ealaíne.

### An Stíl Rómhánúil

Úsáideadh an téarma 'Rómhánúil' den chéad uair timpeall ar lár an 19ú haois (fíor 11.1). Go dtí sin, ba í an tuairim choitianta go raibh ealaín agus ailtireacht na meánaoiseanna trom tútach i gcomparáid le saothar na hAthbheochana. Tháinig deireadh leis an dearcadh diúltach sin, áfach, nuair a thosaigh na staraithe ar an ainm 'Rómhánach' a thabhairt uirthi. A luaithe agus a ceanglaíodh an stíl le foirgníocht ársa na Róimhe, tosaíodh ar an téarma 'Rómhánúil' a úsáid le cur síos a dhéanamh ar ealaín uile na tréimhse. Aithnítear an stíl Rómhánúil anois mar cheann de mhórthréimhsí chultúr an Iarthair.



FÍOR 11.1 Abbaye de Ste Foy, Conques, oirdheisceart na Fraince

Is deacair dátaí baileacha a chur le tús agus le deireadh na tréimhse Rómhánúla mar nach ionann a ré in aon chor ó thír go tír. Bhí sí i réim go forleathan san Eoraip faoi dheireadh an 11ú haois agus í i mbarr a réime ar fad sa 12ú haois. Bhain cúiseanna tábhachtacha sóisialta lena teacht chun cinn:

- **Bhí síocháin i réim san Eoraip faoin 11ú haois** agus bhí cuid mhór den mhór-roinn faoi rath dá bharr sin.
- Tháinig **modhanna nua feirmeoireachta** chun cinn. Dá bharr sin, tháinig méadú ar an daonra agus chomh maith leis sin **tháinig borradh faoi na cathracha agus faoi chúrsaí trádála**.
- Tháinig **an mheánaicme agus aicme na gceannaithe** chun cinn de bharr fhorbairt na gcathracha.
- Bhí **borradh faoin léann agus faoin oideachas**.
- Institiúid dhea-eagraithe, idirnáisiúnta a bhí in **Eaglais Chaitliceach na Róimhe** agus bhí an-chumhacht aici.

## Sochaí na meánaoiseanna

### An Ré Dhorcha

Thosaigh Impireacht na Róimhe ag dul i léig timpeall ar an mbliain 400 AD. Réab treibheanna barbaracha ón tuaisceart trasna ar mhór-roinn na hEorpa agus rinneadh baile, cathair agus pobal a threascairt. Ar deireadh, rinneadh ionradh ar an Róimh féin agus briseadh ar fad ar ollchumhacht na hImpireachta. Thosaigh tréimhse fhada ghruama ansin inar thit an Eoraip as a chéile, tréimhse ar a dtugtar an Ré Dhorcha. Tháinig deireadh leis an saibhreas agus leis an só a bhain le sibhialtacht na Róimhe, agus ba bheag nach ndearnadh dearmad ar an dul chun cinn a bhí déanta san eolaíocht, sa teicneolaíocht, sa leigheas agus sa litríocht. Roinneadh an mhór-roinn agus cé gur lean rialaitheoirí na mionríochtaí éagsúla ag troid lena chéile gan stad, ar an iomlán is ionann an roinnt sin agus an ronnt atá ar an mór-roinn inniu.

### An Bhliain 1000, Bliain na Brátha

Ag druidim leis an mbliain 1000, bhí eagla ar na daoine go raibh Lá an Bhreithiúnais chucu, nó deireadh an tsaoil mar adúradh sna scrioptúir. Le tús na mílaoise nua, áfach, cuireadh meanmna is dóchas úr sna daoine agus bhí aontacht chultúrtha le brath ar an Eoraip.

### An Córas Feodach

Córas feodach a bhí i bhfeidhm sa tsochaí i gcaitheamh na Meánaoiseanna. Cineál pirimide a bhí sa chóras sin agus an rí thuas ar barr i gceannas ar an iomlán. Faoina bhun sin a bhí na huaisle i.e. na tiarnaí agus na ridirí, agus ag bun ar fad a bhí an íseal aicme, na seirfigh agus na tuathánaigh. Bhí an córas ar fad bunaithe ar an mainéar. Bhíodh mainéar, nó eastát talún, dá chuid féin ag gach tiarna agus ligeadh sé an talamh amach ar cíos do na tuathánaigh a mhair ann. Bhain na tuathánaigh agus na ceardaithe leis an aicme chéanna, chomh maith le líon áirithe seirfeach nach raibh saoirse ar bith acu dáiríre, ach a bhí ina sclábhaithe, nó geall leis.

## Caithréim na hEaglaise

Ba í Eaglais Chaitliceach na Róimhe an t-aon eagraíocht mhór idirnáisiúnta amháin a chomhaontaigh an Eoraip san 11ú haois. Bhí sí cumhachtach mar institiúid sular theip ar Impireacht na Róimhe féin, agus d'fhás sí ina neart is ina tionchar sna meánaoiseanna. Ar deireadh bhí ceannas polaitiúil agus spioradálta ag an Eaglais ar fud na hEorpa agus bhí an creideamh láidir i measc gach aicme den saol:

- Chuaigh na **mainistreacha** i neart agus i líomhaireacht (fíor 11.2).
- Chuaigh na milliúin daoine ar **oilithreachtaí** móra ar fud na hEorpa le cuairt a thabhairt ar na hionaid a raibh taisí naofa iontu.
- Chuaigh ridirí na Críostaíochta ar **chrosáidí** i gcoinne Mhuslamaigh an Oirthir chun nach scaipfí an Ioslaim.

### Eagar na hEaglaise

- Bhí **na heaspaig** i gceannas ina ndeoisí féin, ach d'oibrigh siad mar chuid de chóras riaracháin idirnáisiúnta an Phápa.
- Ba de shliocht uasal iad **na heaspaig agus na hardeaspaig** go minic. Bhí suí acu i gcomhairle an rí agus ról láidir acu i rialtas na tíre dá bhrí sin.
- **Níor bhain an Eaglais leis an gcóras feodach**. Institiúid dhaonlathach a bhí inti tríd is tríd. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh daoine éirimiúla gradam, cumhacht agus tionchar a bhaint amach astu féin.



Fíor 11.2 Le Mont Saint Michel i Normainn na Fraince



ART-APP(ch 11-16).indd 196 13/11/2013 21:08

- **Bhraith an Eaglais ar chánacha arda**, ach bronnadh síntiúis mhóra fhlaithiúla uirthi agus ar na mainistreacha. Mar thoradh air sin, d'éirigh an Eaglais an-rachmasach agus bhí de chumhacht aici dul i bhfeidhm ar ríthe agus ar rialtóirí.

**Ba í an Eaglais a leag bunrialacha an tsaoil amach** agus a stiúraigh imeachtaí an duine, idir Rí ard agus seirfeach íseal, ó bhreith go bás. Bhí an saol dian agus bhí an bochtanas agus an bhreoiteacht go forleathan. Bhraith neart daoine ar an ngrian don solas agus don teas, mar go raibh costas ard ar choinnle agus ar ábhar tine. Bhí baol na tine ann i gcónaí, mar sin féin.

Ní foláir nó go ndeachaigh séipéil gheala, órnáideacha na meánaoiseanna i gcion go mór ar an ngnáthdhuine. Is beag an seans go bhfeicfeadh an gnáthdhuine pictiúir ach amháin sna mainistreacha nó go gcloisfeadh sé ceol ar bith ach amhráin shimplí na tuaithe. Is beag compord a bhain leis an saol i gcoitinne, fiú ag na mionuaisle féin.

Saolré 35 bliain ar an meán a bhí ag na daoine, agus ní mór an t-iontas é gur chreid siad go láidir i saol na síoraíochta, mar a bhfaighidís sonas agus só mar chúiteamh ar a gcuid urnaí agus aithrí.

### Údarás láidir an Phápa

Cuireadh atheagar ar an Eaglais i rith an 11ú haois agus leag an Pápa rialacha dochta síos don chléir. Bhí dualgas ar shagairt a bheith aontumhach – gan phósadh – chun easaontais a sheachaint faoi oidhreachtaí. Bhí cosc ar ghnáthrialtóirí tuata easpag a cheapadh, rud a chruthaigh achrann leis na ríthe. Ach mhéadaigh cumhacht an Phápa dá bharr agus mhéadaigh an tionchar a bhí ag an Eaglais ar an ngnáthshaol gach áit san Eoraip.

## Na Mainistreacha

Bhí ról lárnach ag na hoird rialta in Eaglais na meánaoiseanna. Pobail neamhspleácha a bhí in ann iad féin a chothú ba ea na mainistreacha. Bhí trí phríomhchúram orthu: b'ionaid urnaithe iad, b'ionaid dhiongbháilte iad chun taisí naofa a stóráil, agus b'ionaid léinn iad. Cé go raibh siad scartha amach ón saol ar shlí amháin, bhí dlúthbhaint ag na mainistreacha leis an bpobal agus bhí tionchar mór acu air.
Dhá phríomhord a bhí ann:

- **Na Beinidictigh**, a samhlaítear an t-oideachas, an ceol agus an ealaín leo.
- **Na Cistéirsigh**, a raibh meas níos mó acu ar an saol crua, ar obair láimhe agus ar íobairtí pearsanta.

Ba de shliocht na n-uasal formhór na manach agus ba nós leo dul isteach sna mainisteacha Beinidicteacha agus iad fós ina bpáistí, áit a bhféadfaidís saibhreas a chruinniú agus saol breá só a chaitheamh. Ar eastáit shaibhre a bunaíodh na mainistreacha go minic agus tháinig borradh agus biseach ar roinnt acu go dtí go raibh siad ollmhór ar fad. Cathracha daingne a bhí iontu ina gcuma agus bhí ballaí móra agus tailte móra acu. Bhí an t-ab cumhachtach agus bhí tionchar mór polaitiúil aige.

## Na Crosáidí

### Ridire na Croise

D'fhógair an Eaglais ar na ridirí (fíor 11.3) éirí as a gcuid achrann agus a gcuid cogaíochta a chur chun tairbhe in arm na Críostaíochta. D'imigh siad ar na Crosáidí – cogaí na Croise nó na cogaí beannaithe – agus rún acu an Iarúsailéim agus suíomhanna naofa eile na Críostaíochta a fhuascailt ó na Muslamaigh agus na Giúdaigh. Glactar leis anois gur feachtais bhrúidiúla ba ea na Crosáidí i gcoitinne agus gur bhain leas pearsanta leo go minic.



Fíor 11.3 Crosáidithe na Meánaoiseanna




FÍOR 11.4 Taise na FíorChroise

Leathnaíodh críocha na hEorpa soir dá mbarr, áfach, agus baineadh an-tairbhe as na deiseanna nua tráchtála a d'eascair as an teagmháil leis na tíortha Ioslamacha. Chuaigh sé chun sochair na hEaglaise fosta mar gur éirigh ceantair a raibh baint acu leis na Crosáidí acmhainneach is rachmasach.

## Taisí agus Oilithreachtaí

### Taisí

Is é is taise ann, rud a raibh baint aige le hÍosa nó le naomh: giotaí d'adhmaid na Croise Céasta (fíor 11.4) nó den Choróin Spíonta, abair, nó giotaí éadaí nó cnámh naoimh. Nuair a d'fhill na Crosáidirí abhaile, thug siad méid ollmhór taisí ar ais leo agus dáileadh ar mhainistreacha ar fud na hEorpa iad. Ba ghnách do Chríostaithe cráifeacha na mílte a thaisteal chun guí a dhéanamh i láthair na dtaisí mar chreid siad gurb ionann é agus bheith i láthair an duine naofa féin.

### Oilithreachtaí

Spreag ceannairí na hEaglaise na daoine chun oilithreachtaí a dhéanamh. Chun na Róimhe nó go Iarúsailéim sa Talamh Naofa a chuaigh na Críostaithe den chuid is mó, ach bhain contúirt leis na turais fhada sin mar gheall ar ropairí agus ar fhoghlaithe an bhóthair.

### Santiago de Compostela

Go luath san 11ú haois, ruaig ceann de na Crosáidí na Múraigh Mhuslamacha Arabacha as tuaisceart na Spáinne. Ag an am céanna, aimsíodh tuama Naomh Séamas, aspal Chríost, arís ag Santiago de Compostela (fíor 11.5). Thosaigh oilithrigh ag taisteal ansin seachas dul chun na Róimhe nó go Iarúsailéim.


Mainistir mhórthabhachtach ba ea Cluny ag an am sin. Nuair a mhol ab na mainistreach sin go mbeadh Santiago de Compostela ina cheann scríbe oilithreachta, níorbh fhada go raibh sí ar an oilithreacht Chríostaí ba cháiliúla ar fad. Thug na sluaite as gach cearn den Eoraip faoin oilithreacht chéanna, muintir na hÉireann agus na Breataine san áireamh. Thaistil siad go mall de shiúl na gcos tríd an bhFrainc, isteach sa Spáinn agus an bealach ar fad trasna go himeall an chósta thiar thuaidh. Bhí líon na n-oilithreach chomh mór sin go ndeirtear go mbíodh an deichiú cuid de phobal na hEorpa ar bhóthar na hoilithreachta ag aon am ar leith. Iad ag dul go Santiago de Compostela, ag filleadh as, nó ag freastal ar na hoilithrigh agus iad ag taisteal chun guí ag scrín an naoimh.



FÍOR 11.5 Oilithrigh ar a mbealach go Santiago de Compostela



ART-APP(ch 11-16).indd 198 13/11/2013 21:08




Fíor 11.6 Bealaí na hoilithreachta go Santiago de Compostela



## Bealaí na hoilithreachta

Ceithre bhealach tríd an bhFrainc go Santiago de Compostela a bhí ann, go traidisiúnta. Tháinig na bóithre sin le chéile agus rinne siad bóthar amháin ag na Píréiní i dtuaisceart na Spáinne (fíor 11.6). D'fhás tionscal mór foirgníochta sna bailte feadh na slí agus tógadh brúnna, ospidéil, droichid agus – an rud ba shuntasaí – séipéil. Bhí taisí naofa i gcuid de na heaglaisí sin agus is iomaí ceann acu a chríochnaigh ina cheann scríbe oilithreachta é féin.

## Conclúid

Rachmas forleathan na sochaí agus forneart Eaglais na Róimhe go háirithe ba chúis le forbairt na stíle Rómhánúla san Eoraip. Bhain an borradh mór tógála leis an riachtanas go mbeadh séipéil ar fáil ar phríomhbhealaí na hoilithreachta go dtí Santiago de Compostela.

### Ceisteanna

1. Cad is bun leis an téarma 'Rómhánúil'?
2. Cuir síos ar na cúiseanna sóisialta a bhain le forbairt na stíle Rómhánúla.
3. Scríobh alt gearr ar shochaí na meánaoiseanna san 11ú aois.
4. Scríobh cuntas gearr ar mhodh eagraíochta Eaglais Chaitliceach na Róimhe agus ar an tionchar a bhí aici ar an Eoraip le linn na tréimhse sin. Scríobh faoi na cinnteidil seo a leanas – stádas ceannasach, modh eagraíochta, rachmas, tionchar ar an ngnáthshaol, údarás an Phápa.
5. Scríobh alt gearr ar na mainistreacha le linn na meánaoiseanna san Eoraip.
6. Cén sprioc a bhí ag na Crosáidí?
7. Chuaigh roinnt de na hiarmhairtí a bhain leis na Crosáidí i bhfeidhm ar ealaín na meánaoiseanna, tabhair cuntas gairid ar chuid acu.
8. Scríobh alt gearr ar oilithreachtaí na meánaoiseanna.
9. Déan léaráid de na príomhbhealaí oilithreachta tríd an bhFrainc agus an Spáinn sna meánaoiseanna.
10. Cén fáth a raibh Santiago de Compostela chomh tábhachtach sin mar cheann scríbe oilithreachta le linn na meánaoiseanna san Eoraip?